Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**11648/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0200(NLE)**

**FISC 176**
**ECOFIN 1006**
**CH 38**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 113 agus 115, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta[1] ('an Comhaontú'), feabhsaíodh cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus feabhsaíodh comhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle[2], lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle[3].

(3) An 21 Bealtaine 2024, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise ('an Eilvéis') chun an Comhaontú a leasú chun na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a formheasadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích nuair a cuireadh inisealacha leis an bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach').

---

1 IO L 385, 29.12.2004, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/911/oj.

2 Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj.

3 Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).

(4) Leis an bPrótacal Leasaitheach, leathnaítear raon feidhme an tuairiscithe le haghaidh an Chomhchaighdeáin Tuairiscithe chun táirgí airgeadais digiteacha nua a áireamh, mar shampla Táirgí Ríomh-Airgeadais Sonraithe agus Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais agus, an tráth céanna, tugtar isteach ceanglais tuairiscithe níos mionsonraithe agus nósanna imeachta díchill chuí neartaithe. Tugtar isteach leis freisin forálacha maidir le cúnamh frithpháirteach i mbailiú cánacha díreacha agus indíreacha idir an tAontas agus an Eilvéis agus tugtar cothrom le dáta na tagairtí do reachtaíocht na bPáirtithe Conarthacha maidir le cosaint sonraí.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal Leasaitheach a shíniú thar ceann an Aontais.

(6) Chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe ón 1 Eanáir 2026 maidir le hailíniú agus cómhalartacht leis an gcaighdeán domhanda agus le dlí comhfhreagrach an Aontais agus chun tús obair an Chomhchoiste a éascú, ba cheart leasuithe a leagtar amach sa Phrótacal Leasaitheach a bhaineann le hairteagail áiritheden Chomhaontú, iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú agus dearbhuithe a chur i bhfeidhm go sealadach.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

---

[4] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(8) Luadh i gCinneadh 2000/518/CE ón gCoimisiún[5], maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad a thagann faoi raon feidhme Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], go meastar go gcuireann an Eilvéis leibhéal leordhóthanach cosanta ar fáil do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas. Dearbhaítear sa tuarascáil ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2024 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú na gcinntí leordhóthanachta arna nglacadh de bhun Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE go leanann an Eilvéis de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[5] Cinneadh Uimh. 2000/518/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 maidir le gné leordhóthanachta na cosanta sonraí pearsanta san Eilvéis a shuí i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 215, 25.8.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/518/oj).

[6] Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO AE L 281, 23.11.1995, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1995/46/oj).

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, síniú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh[7].

*Airteagal 2*

Na leasuithe a leagtar amach in Airteagal 1 den Phrótacal Leasaitheach a bhaineann leis na hairteagail seo a leanas den Chomhaontú, na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú agus na dearbhuithe, cuirfear i bhfeidhm go sealadach iad, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Phrótacal Leasaitheach, ón 1 Eanáir 2026, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm:

– Airteagal 1(1), fomhíreanna (m) agus (u);

– Airteagal 2;

– Airteagal 3;

– Airteagal 4p;

– Iarscríbhinn I;

– Iarscríbhinn III;

– Dearbhuithe Comhpháirteacha na bPáirtithe Conarthacha.

---

[7] Foilsítear téacs an Phrótacail Leasaithigh in … [cuir isteach tagairt IO].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*